



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

FOIRM S48N

Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath. N37 TP65

FEITHEOIR LE LINN SCRÚDITHE NA hARDTEISTIMÉIREACHTA AGUS AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2025

Léigh go cúramach na Nótaí Eolais d'Iarrastasóirí agus do Dhaoine a Cheaptar, agus na Coinníollacha Ceapacháin a bhaineann le post an Fheitheora, atá ag gabháil leis an bhfoirm iarratais seo. Ní mór gach roinn a chomhlánú.

1. Uimhir PSP:
2. Céadainm: (Bloclitreacha) _____ Sloinne: _____
Dáta Breithe: ____/____/____
3. Seoladh: (áit chónaithe le linn an téarma scoile) _____

Éirchód: _____ Seoladh R-phoist: _____

Sonraí teagmhála teileafóin:

Fón Póca (Riachtanach)

Uimhir an Teileafóin Talún

4. Cláruimhir na Dáta Athnuachana: ____/____/____
DD / MM / BBBB

Comhairle Múinteoireachta

Cuir tic anseo má tá an clárú ar feitheamh:

5. Sonraí Fostaíochta:
- (a) An bhfuil tú ag múineadh i scoil dara leibhéal faoi láthair? Cuir tic sa bhosca cúí: **TÁ** **NÍL**
- (b) Do Scoil Reatha: (Is cóir do mhúinteoirí páirtaimseartha agus do mhúinteoirí ionaid ainm na scoile is minice ar oibrigh siad inti nó is minice a bhfuil sé ar intinn acu oibriú inti a scríobh síos):

Uimhir Rolla na Scoile	Ainm agus Seoladh na scoile	Uimhir Theileafóin na Scoile(anna)
<input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/>		

(c) Stádas Múinteoireachta/Fostaíochta (Cuir tic sa bhosca cúí, le do thoil):

Cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus ag múineadh –

Buan / Conradh tréimhse éiginnte	Páirtaimsea	Ionadaí	Lánaimseartha Sealadach
----------------------------------	-------------	---------	-------------------------

(d) Cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta gan a bheith ag múineadh –

Ar scor - Cuir isteach an Cód (Féach Nóta 4)	Múinteoir Dífhostaithe	Fostaithe ach gan a bheith ag múineadh	Mac Léinn PME / AT san Oid.
--	------------------------	--	-----------------------------

(Nóta: má scoir tú faoi Shraith 1 den Scéim Luathscoir do mhúinteoirí níl tú i dteideal iarratas a dhéanamh).

6. Taithí Mhúinteoireachta ar an dara leibhéal (tar éis cáiliú):

Poblacht na hÉireann – Líon na mBlianta: Dlíne Eile(Tír Stáit) _____ Líon na mBlianta

Líon na mblianta: (Is cóir na blianta iomlána a lua anuas go dtí an scoilbhliain 2024 – 2025, an bhliain sin san áireamh):

Scoil(eanna) roimhe seo: Luaigh scoil ar bith, seachas do scoil reatha, ina raibh tú ag múineadh ar feadh níos mó ná 55 lá le dhá bhliain anuas.

Uimhir Rolla na Scoile	Ainm agus Seoladh na scoile	Uimhir Theileafóin na Scoile(anna)
<input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/>		
<input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/>		

7. Sonraí Fostaíochta Eile:

Blianta	Ainm agus seoladh an fhostóra	Post leis an bhFostóir sin

8. Gaolta ag déanamh na Scrúduithe Teistiméireachta:

Cuir X sna boscaí cuí, le do thoil, má tá garghaol leat, i.e. mac, iníon, deartháir, deirfiúr nó garpháiste leat ag déanamh Scrúduithe Teistiméireachta sa bhliain 2025, agus luaigh sonraí na scoile(anna):

An Ardteistiméireacht An Teastas Sóisearach An Ardteistiméireacht Fheidhmeach

Uimhir Rolla na Scoile	Ainm agus Seoladh na scoile

9. Feitheoireacht trí mheán na Gaeilge:

Má tá tú in ann, agus toilteanach, dualgais na Fheitheora a chomhlíonadh **trí mheán na Gaeilge in ionad nó scoil lán-Ghaeilge** sa bhliain 2025 nó le linn scrúduithe amach anseo, cuir X anseo:

10. Cáilíochtaí: Comhlánaigh an tábla thíos:

Sonraí na gCéimeanna / nDiplómaí

Bliain a B(h)ronnta	Céim / Diplóma	Ainm na hOllscoile / an Choláiste

Sonraí an Mháistir Ghairmiúil san Oideachas / an Ardteastais san Oideachas

An Bhliain a baineadh amach MGO / ATO	Ainm na hOllscoile / an Choláiste

11. Scileanna Eile: Má tá céim i dteanga iasachta agat nó scileanna ríomhaireachta, luaigh an teanga / na teangacha / na scileanna:

12. Feitheoireacht roimhe seo: Ar cheap Coimisiún na Scrúduithe Stáit thú roimhe mar Fheitheoir ar na Scrúduithe Teistiméireachta?

Cheap Níor cheap

Má cheap, tabhair sonraí do cheapacháin is déanaí mar Fheitheoir ar na Scrúduithe Teistiméireachta.

An Bhliain	Uimhir Rolla na Scoile	Ainm agus Seoladh na scoile

13. Cuid A - Dearbhú an Iarratasóra:

- Deimhním gur léigh mé na "Coinníollacha Ceapacháin mar Cheannfort ag na Scrúduithe Stáit" agus "Nótaí um Fhaisnéis d'Iarratais/Ceapaithe" agus go bhfuil gach cuid den fhoirm comhlánaithe go hiomlán agus go cruinn. (D'fhéadfadh neamhphróiseáil iarratas gan fógra a bheith mar thoradh ar fhoirmeacha neamhiomlána).
- Deimhním go bhfuil na sonraí a thugtar san fhoirm seo ceart agus, má thairgtear dom agus má ghlactar le ceapachán mar Cheannfort, ní thabharfaidh mé faoi aon obair eile le linn thréimhse mo cheapacháin. Cloífidh mé leis na rialacha agus na teoracha go léir a eisíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) chugam.
- Admhaím go bhforchoimeádan CSS an ceart an fhaisnéis ar fad a chuirtear ar fáil ar m'fhoirm iarratais a fhíorú, lena n-áirítear m'uimhir chlárúcháin de chuid na Comhairle Múinteoireachta.
- Deimhním go bhfuil sé de cheart ag CSS a fhíorú le haon cheann de na fostóirí reatha agus roimhe seo gur duine oiriúnach, cumasach agus inniúil mé chun gníomhú mar Cheannfort. Níl aon riachtanas ann a thuilleadh Príomhoide scoile a fháil chun an t-iarratas seo a shíniú.
- Admhaím go bhfuil CSS ag próiseáil mo shonraí pearsanta de réir mar is gá chun críocha an iarratais seo agus le linn aon cheapacháin ina dhiaidh sin.
- Deimhním gurb é an téarma Eircode/Address a cuireadh ar fáil mo sheoladh ó Mheán Fómhair 2024 go Meitheamh 2025
- Deimhním go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agam ceart agus go gcuirfidh mé aon athruithe uirthi in iúl do CSS.

Dearbhaím cruinneas an eolais a thug mé agus i gcás go dtiocfaidh aon athrú an an eolas sin dearbhaím go gcuirfidh mé an méid sin in iúl do CSS.

Cuid B - Dearbhú Oiriúnachta agus Inniúlachta

Dearbhaím gur duine oiriúnach mé, atá ábalta agus inniúil tabhairt faoi phost an Cheannfoirt. Dearbhaím freisin go bhfuil mé oiriúnach ó thaobh na sláinte de chun tabhairt faoi dhualgais an Cheannfoirt agus nach bhfuil, chomh fada agus is eol dom nó mar a chreidim, aon ní ann a chuirfeadh isteach orm, a chuirfeadh bac nó cosc orm an raon dualgas a bhaineann le ról an Cheannfoirt a chomhlíonadh go hiomlán go dtí an caighdeán riachtanach, ná nach bhfuil aon chúis eile ar bith ann, cén fáth nár chóir dom glacadh leis an bpost seo. Admhaím freisin go mb'fhéidir go mbeadh orm Tuarascáil Leighis ar staid sláinte Iarratasóra a chomhlánú agus a thabhairt do CSS, d'fhonn a dheimhniú go bhfuil mé in ann an raon dualgas a bhaineann le ról an Cheannfoirt a chomhlíonadh. Admhaím freisin go bhforchoimeádann CSS an ceart go ndéanfaí measúnú neamhspleách leighis orm má mheastar gur gá sin.

Síniú: _____

Dáta: _____

Seicliosta

Déan cinnte de, le do thoil, go gcomhlíontar ranna uile na Foirme Iarratais.

Nóta: tá na huimhreacha anseo thíos ag freagairt do na ranna cuí san fhoirm iarratais seo.

1. Uimhir PSP
2. Céadainm / Sloinne / Dáta Breithe
3. Seoladh, Sonraí Teagmhala, Uimhir fóin Póca, etc.
4. Clárúimhir na Comhairle Múinteoireachta/An dáta athnuachana
5. Sonraí fostaíochta
6. Taithí mhúinteoireachta
7. Sonraí Fostaíochta Eile
8. Gaolta ag déanamh na Scrúduithe Teistiméireachta
9. Feitheoireacht trí mheán na Gaeilge.
10. Cáilíochtaí
11. Scileanna Eile
12. Feitheoireacht roimhe seo
13. Síniú an Iarratasóra & an Dáta i gcomhair Dearbhú

NB: Is é an dáta deiridh a ghlacfaidh CSS le hiarratais ná an 24ú Feabhra 2025.

NÓTAÍ MAR EOLAS D'IARRATASÓIRÍ AGUS DO DHAOINE A CHEAPTAR

Maidir le hiarratasóirí a fuair foirm bhán réamh-chomhlíonta (S48), is cóir dóibh gan ach an fhoirm sin a chomhánú. Ní mór do gach iarratasóir eile an fhoirm seo, S48N, a úsáid. *Cuirfear oiliúint ar gach duine a cheaptar den chéad uair i mbliana agus orthu sin nár ceapadh le trí bliana anuas.*

1. **Clárú leis an gComhairle Múinteoireachta – Féach “NA COINNÍOLLACHA A GHABHANN LE CEAPACHÁN MAR FHEITHEOIR AG NA SCRÚDUITHE TEISTIMÉIREACHTA”.**
2. Tugtar d'aire na n-iarratasóirí go mbeidh cead acu feidhmiú mar Fheitheoir agus mar Scrúdaitheoir sna scrúduithe scríofa.
3. Níl iallach a thuilleadh ar iarratasóirí an fhoirm a fháil sínithe agus stampáilte ag Príomhoide na scoile dara leibhéal.
4. Má tá siad ar scor, ba chóir do na hiarratasóirí a chur in iúl ar an bhfoirm iarratais cén scéim díobh seo faoinar scoir siad:

Cóid Scoir;

(1) Snáithe 1	(2) Snáithe 2	(3) Snáithe 3	(4) Míchumas**
(5) Deonach thar 55 (33 bliain seirbhíse)	(6) Éigeantach (thar 65)	(7) Scéim Iomarcaíochta 1988	(8) Gan Chatagóir

(Nóta: má scoir tú faoi Shraith 1 den Scéim Luathscoir do mhúinteoirí níl tú i dteideal iarratas a dhéanamh).

5. Dícháileofar iarratasóirí a thugann sonraí nach bhfuil cruinn.
6. Is cóir an t-iarratas a sheoladh le r-phost chuig superintendents@examinations.ie nó leis an ngnáth-phost chuig “Rannóg na bhFeitheoirí, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí”, le bheith ag CSS tráth nach déanaí ná an 24ú Feabhra 2025. Aon duine a éilíonn gur cailleadh iarratas nó gur cuireadh moill air sa phost, ní mór dó/di Teastas Postála a bheith aige/aici ag tacú leis an éileamh. **Ní mór an postas a íoc ar gach iarratas.**
7. Maidir le iarratais a fhaightear tar éis an spriocdháta, ní áireofar iad ach amhín le haghaidh na bpainéal cúlta.
8. Tá sé beartaithe litreacha ceapacháin a eisiúint d'iarratasóirí rathúla faoi dheireadh mhí an Mhárta, agus fógra a thabhairt don ionad i lár mhí na Bealtaine.
IS CÓIR DUIT NÓTA A DHÉANAMH DE NA DÁTAÍ SIN.
9. **Cúrsaí Cosanta Sonraí**
Is rialaitheoir sonraí cláraithe é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) le hOifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí. Déanfar do shonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le forálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí.
Déanfaidh an CSS do shonraí a phróiseáil chun críche riarachán do thairisceana ceapacháin mar phost foirne ar conradh leis an CSS. Coinneoidimid do chuid sonraí freisin agus b'fhéidir go mbainfimid úsáid as na sonraí seo ó am go ham chun teagmháil a dhéanamh leat lena chur in iúl duit faoi dheiseanna earcaíochta le Coimisiún na Scrúduithe Stáit.
Tá an ceart agat iarraidh ar rochtain a dhéanamh ar do shonraí pearsanta chomh maith leis an gceart sonraí pearsanta atá neamhchruinn, neamhchomhlánaithe nó neamhbhartha a phróiseáil an CSS a scriosadh, áit a mbaineann le hábhar.
Is féidir teacht ar shonraí maidir le Fógra um Chosaint Sonraí Choimisiún na Scrúduithe Stáit ar ár suíomh gréasáin https://www.examinations.ie/data-protection/Cúrsaí_Cosanta_Sonraí
10. Déanfaidh CSS gach iarratas a mheas go cothrom neamhchlaonta. faoi réir na riachtanas a bhaineann le ról an Fheitheora.

NA COINNÍOLLAHA A GHABHANN LE CEAPACHÁN MAR FHEITHEOIR AG NA SCRÚDUITHE TEISTIMÉIREACHTA

1. Caithfear le ceapachán i bpost Feitheora mar chonradh seirbhíse. Ní mór duit a bheith saor ó gach cúram eile le linn thréimhse iomlán na scrúduithe, i.e. ón 3rd Meitheamh go dtí an 24th Meitheamh 2025 (A Domhnach 15th Meitheamh a bheith san áireamh). Ní ghlacfar le hiarratais ar a bheith as láthair corrlá ná aon chuid de lá ná níos mó ná lá amháin le linn na scrúduithe.
2. Is gnách nach gcuirfear san áireamh le haghaidh ceapacháin ach múinteoirí dara leibhéal.
3. Ní bheidh siad seo a leanas i dteideal a gceaptha le dualgais feitheoireachta a dhéanamh-
 - (a) Príomhoidí agus/nó Leas-Príomhoidí a bhfuil údarás na scoile ag iarraidh orthu fanacht sa scoil.
 - (b) Múinteoirí atá ag fáil pinsean míchumais** nó a scoir go luath faoi Shraith 1 den **Scéim Luathscoil do Mhúinteoirí**.
 - (c) Múinteoirí a bheidh ar Shaoire Reachtúil Mháithreachais ar tuarastal le linn thréimhse na scrúduithe nó a bheidh ar shaoire bhreitheachta, ar tuarastal nó gan tuarastal.
 - (d) Múinteoirí atá ar Fionraí nó ar Shaoire Riaracháin.
 - (e) Múinteoirí nach bhfuil cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta (féach 4 thíos).

** Cuirfear san áireamh iarratais ó mhúinteoirí atá ag fáil pinsean míchumais ach foirm tuairisce liachta a fháil agus í chomhlánaithe. Tá an fhoirm sin ar fáil ach í a iarraidh ó (090) 6442789/2790/2792/2892/2893, le R-phost chuig superintendents@examinations.ie nó ar www.examinations.ie.

4. Clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta

Chun forálacha an Acha um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012 a chomhlíonadh, tá ar gach duine a ghlacann le post mar Fheitheoir le linn scrúduithe agus sna blianta ina dhiaidh sin a bheith cláraithe ar Chlár na Múinteoirí a choinníonn an Chomhairle Mhúinteoireachta.

Cad a dhéanfaidh mé má tá mé cláraithe?

Scríobh do chuid sonraí clárúcháin – cláruimhir, d'ainm mar atá sé ar an gclár agus an dáta athnuachana – ar an bhfoirm iarratais. Deimhneoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) na sonraí clárúcháin leis an gclár. Déan deimhin de go gcomhlánaíonn tú na sonraí sin nó d'fhéadfadh sé go gcuirfí moill ar phróiseáil d'iarratais mura gcomhlánaíonn. **Má tá tú cláraithe nuair a dhéanann tú iarratas agus má cheaptar ina dhiaidh sin thú, is ortsa atá an fhreagracht a chinntiú nach mbíonn deireadh leis an gclárúchán agus go mbeidh tú cláraithe tráth na scrúduithe i mí an Mheithimh.**

Cad a dhéanfaidh mé mura bhfuil mé cláraithe?

I gcás nach bhfuil tú cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta faoi láthair, is cóir duit **iarratas** ar chlárúchán a **dhéanamh** chuig an gComhairle **láithreach bonn**. Nuair a bheidh an próiseas clárúcháin críochnaithe beidh tú in ann foirm iarratais iomlán comhlánaithe a chur faoinár mbráid agus ag an bpointe sin déanfaidh CSS breithniú ar an iarratas uait ar áit ar an bpainéal cúltaca.

Eolas Tábhachtach faoin bPróiseas Clárúcháin

Is ar an iarratasóir féin atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil sé/sí cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus go dtig leis/léi a c(h)láruimhir a chur ar fáil do CSS. Tá próiseas grinnfhiosrúcháin ag an nGarda Síochána mar chuid den phróiseas clárúcháin agus d'fhéadfadh sé go nglacfaidh sé sin 6-8 seachtaine tar éis don Chomhairle na cáipéisí riachtanacha uile a fháil. Tá eolas ar an bpróiseas clárúcháin, sonraí na dtáillí clárúcháin san áireamh, le fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Mhúinteoireachta www.teachingcouncil.ie. Ní ghlacfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit le haon dliteanas as táillí clárúcháin na múinteoirí ná as aon iarratasóir gan a bheith ábalta riachtanais an chlárúcháin agus an ghrinnfhiosrúcháin a chomhlíonadh taobh istigh den am atá leagtha síos.

5. Is coinníoll é a ghabhann le ceapachán go gcuirfidh tú uimhir fheidhmiúil ghutháin phóca ar fáil dúinn mar d'fhéadfadh sé go mbeadh orainn dul i dteagmháil leat ar bheagán fógra sula dtosóidh na scrúduithe nó lena linn.
6. Is trí chóras ríomhaistríthe airgid (i.e. *paypath*) a dhéanfar na híocaíochtaí go léir a bhaineann le do chuid oibre mar Fheitheoir. Baileoimid sonraí do chuntais bhainc níos faide anonn.
7. Is de réir rialacháin na Roinne Airgeadais a íocfar costais taistil agus liúntais chothabhála leis na Feitheoirí. De réir rátaí foilsithe na seirbhíse poiblí a íocfar costais leis an bhfoireann ar conradh go léir a mbeidh baint acu le scrúduithe 2025 agus ní bheidh aon asbhaint le déanamh. Tá tuilleadh eolais le fáil sa rannóg *Eolas don Fhoireann ar Conradh* de www.examinations.ie.
8. Nuair a bheidh CSS ag socrú cén scoil ina mbeidh na feitheoirí ag obair beifear ag féachaint don scoil ina bhfuil tú ag múineadh faoi láthair agus don scoil nó do na scoileanna ina mbíteá ag múineadh roimhe seo, chomh maith le do chuid seirbhíse le CSS roimhe seo.
9. Glacfaidh tú le hobair i cibé ionad scrúduithe (an áit a bhfuil sé agus an fad a mhairfidh sé) a mheasann CSS a bheith cuí. Ma cheaptar thú, is i lár mhí na Bealtaine 2025 a gheobhaidh tú sonraí an ionaid scrúduithe ina mbeidh tú ag obair.
10. Is féidir go mbeidh ar Fheitheoir, i gcorrchás, feitheoireacht a dhéanamh ar sheisiún scrúduithe lasmuigh den ghnáth-thráthchlár má bhíonn iarrthóirí ann a bheidh ag déanamh scrúduithe atá ar an tráthchlár ag an am céanna.
11. I gcás go dtarlóidh aon ní amach anseo a fhágann nach mbeidh tú ar fáil, déan teagmháil láithreach bonn le CSS, le do thoil. Ar an gcaoi chéanna, más rud é, tar éis duit iarratas a dhéanamh nó tar éis duit a dhearbhu go bhfuil tú ag glacadh le ceapachán, go dtagann aon athrú ar do chúinsí pearsanta (féach nóta 3) a fhágann nach bhfuil tú i dteideal ceapacháin, ní foláir duit an méid sin a chur in iúl láithreach bonn do CSS.
12. Más rud é go dteipeann ort ar chúis ar bith freastal ar an ionad scrúduithe ainmnithe lá áirithe nó do sheisiún áirithe scrúduithe, cuirfear deireadh le do cheapachán.
13. Dícháileofar aon duine a lorgann fabhar (ar an nguthán nó i bhfoirm litreach), cibé acu a bhaineann sé le ceapachán, leis an áit ina mbeidh an t-ionad scrúduithe, le cineál an ionaid scrúduithe nó le tréimhse an cheapacháin.

Má theipeann ort cloí go hiomlán le treoracha CSS nó má ghníomhaíonn tú ar shlí a chuireann slándáil nó slánchúis na scrúduithe i mbaol nó má ghníomhaíonn tú ar shlí a chuireann gnóthachtáil na n-iarrthóirí i mbaol, beidh tú do do chur féin ar shlí do bhriste as do phost agus is féidir go ndiúltofar tú a cheapadh arís sa todhchaí. Má bhristear as do phost thú ní bheidh aon éileamh agat in aghaidh CSS ar íocaíocht ná ar speansais.